# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2017

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn I | Cluastuiscint | (40 marc) |
| --- | --- | --- |

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**N**.**B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

*************************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

<u>Cuid A: C1. + C.2. = 16 mharc</u>

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid B: C1. + C.2. = 12 mharc</u>

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid C: C1. + C.2. = 12 mharc</u>

<u>Roinn I (An Triail Chluastuisceana): Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc</u>

| Roinn II | Léamhthuiscint | 120 marc |
| --- | --- | --- |

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta Leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

30

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

30

**C.2** **Trí** Fhógra Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

60

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| Roinn III | Ceapadóireacht | 80 marc |
| --- | --- | --- |

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir le do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt

20

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

✓ **Eolas:** marc as 5 mharc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

20

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

40

## C. 6 Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** 40 marc

### (a) Litir:

✓ **Foirmlí:** = 4 mharc

✓ **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8 marc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

| | |
|---|---|
| **seoladh** | = 1 mharc |
| **dátaí** | = 1 mharc |
| **beannú** | = 1 mharc |
| **síniú scoir** | = 1 mharc |

### (b) Alt/Cuntas

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc. **Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith bosca.

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

### **Ceist 4** (Cárta Poist)

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

## Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

## Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí (scribe)
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | 240 |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **240** |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| II | 1 | 30 |
| | 2 | 30 |
| | 3 | 60 |
| III | 4 | 20 |
| | 5 | 20 |
| | 6 | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

**CUID A**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**An Chéad Chainteoir.**

Cén chaoi a bhfuil sibh? Ailbhe Nic Óráin anseo. Tá cónaí orm in aice le Tuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo. Sa bhliain 2002 a saolaíodh mé. Tá beirt deirfiúracha agam, Muireann agus Ursula. Is cúpla iad agus tá siad seacht mbliana déag d'aois. Imrím peil Ghaelach agus is í Córa Standúin an laoch spóirt is rogha liom.

| **Ainm** | **Ailbhe Nic Óráin** | |
|---|---|---|
| Cén bhliain a rugadh Ailbhe? | ***2002*** | **3 mharc** |
| Cé mhéad deirfiúr atá ag Ailbhe? | ***Beirt / 2 / Cúpla / Muireann agus Ursula*** | **3 mharc** |
| Cén spórt a imríonn sí? | ***Peil Ghaelach / peil*** | **2 mharc** |

**8 marc**

**An Dara Cainteoir**

Ardal Ó Dónaill an t-ainm atá orm. Cónaím i gCionn tSáile i gContae Chorcaí. Is múinteoirí bunscoile iad mo thuismitheoirí. Páiste aonair is ea mé. Is í an eolaíocht an t-ábhar scoile is fearr liom agus imrím eitpheil ag leibhéal cuibheasach ard. D'imir mé ar fhoireann na hÉireann faoi sé bliana déag i gcoinne na Rúise i gcomórtas idirnáisiúnta eitpheile coicís ó shin.

| **Ainm** | **Ardal Ó Dónaill** | |
|---|---|---|
| Cá bhfuil Ardal ina chónaí? | ***I gCionn tSáile / Corcaí / Contae Chorcaí / Corcaigh*** | **3 mharc** |
| Cén post atá ag tuismitheoirí Ardail? | ***Múinteoirí (bunscoile)*** | **3 mharc** |
| Cén t-ábhar scoile is fearr leis? | ***Eolaíocht*** | **2 mharc** |

**8 marc**

## CUID B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid B** = C1. + C.2. = 12 mharc

**Fógra**

Gabh mo leithscéal, a mhúinteoirí agus a scoláirí. An Príomhoide ag caint libh. Ní bheidh ceaintín na scoile ar oscailt amárach ná an lá dár gcionn. Beidh cuisneoir nua agus sorn nua á gcur isteach sa chistin. Ach beidh ceapairí agus sólaistí eile ar díol i siopa na scoile an dá lá sin. Go raibh maith agaibh.


**(a)**


**(b)**


**(c)**


**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **b** **= 3 mharc**

**(b)** Cathain a bheidh ceaintín na scoile dúnta?

- **(a)** An deireadh seachtaine seo chugainn
- **(b)** Amárach agus an lá dár gcion
- **(c)** An tseachtain seo chugainn
- **(d)** Dé Luain agus Dé Máirt

**b** **= 3 mharc**

**6 mharc**

**Píosa Nuachta**

Anois seo í Réamhaisnéis na hAimsire ar TG4. Leanfaidh an aimsir fhuar go ceann seachtaine eile ar a laghad. Beidh sioc trom ar fud na tíre anocht agus beidh an teocht chomh híseal le trí chéim celsius faoin reophointe i lár an tíre. Titfidh sneachta ar thailte arda.



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **c** **= 3 mharc**

**(b)** Cad a bheidh ar fud na tíre anocht?

- **(a)** báisteach
- **(b)** Sioc trom
- **(c)** Gaoth láidir
- **(d)** toirneach agus tintreach

**b** **= 3 mharc**

**6 mharc**

**CUID C (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid C =** C1. + C.2. = 12 mharc

**Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***


**Saoirse**: An bhfuil mé ag labhairt le Ruairí Ó Fiannachta?
**Ruairí**: Tá, cinnte, agus an í sin Saoirse Nic Giolla Easpaig?
**Saoirse**: Bail ó Dhia ort, a thaiscidh. Goidé mar d'aithin tú mo ghlór?
**Ruairí**: Tá d'ainm agus d'uimhir i mo fhón ó bhuail muid le chéile ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne.




**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cad a bhí á dhéanamh ag Saoirse agus Ruairí? **b** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Saoirse**: Nollaig shona duit, a Ruairí?
**Ruairí**: Gurab amhlaidh duitse, a Shaoirse. Goidé mar atá tú?
**Saoirse**: Ar mo sháimhín suilt, a Ruairí. Tá mé ag cuidiú le m'athair inniu maisiúcháin na Nollag a chur suas.
**Ruairí** : Maith thú! Caithfidh go bhfuil éileamh ort, a Shaoirse, ó bhain tú an chéad duais amach san amhránaíocht ag an Oireachtas?
**Saoirse**: Aie! Bhí mé ar RTÉ agus ar Tg4 cúpla uair, ceart go leor.

**(b)** Cá raibh Saoirse cúpla uair?

**(a)** i bPáirc an Chrócaigh

**(b)** i Londain

**(c)** ar saoire **d** **= 3 mharc**

**(d)** ar an teilifís

**<u>6 mharc</u>**

## Comhrá a Dó

*An Chéad Mhír*

**Cearúil**: Tá brón orm, a Fhionnuala, ach níor fhreagair mé an téacs uait.
**Fionnuala**: Is cuma faoi, a Chearúil. Nach bhfuilimid ag caint le chéile anois?
**Cearúil** : Dúirt tú liom gur bhuail tú le haisteoir cáiliúil sa Daingean inné.
**Fionnuala**: Sea! Bhuail mé le Mark Hamil. Sin Luke Skywalker as *Star Wars* mar is fearr aithne air.




**(a)**



**(b)**




**(c)**



(d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an gcomhrá seo? **a** **= 3 mharc**

*An Dara Mír*

**Cearúil**: Cén fáth a raibh sé sa Daingean?
**Fionnuala**: Bhí sé ag tabhairt cuairte ar Fungie.
**Cearúil**: Fungie! Bhí mé cinnte go raibh Fungie marbh um an dtaca seo.
**Fionnuala**: Tá Fungie fós i mbarr a mhaitheasa, cé go raibh timpiste aige an tseachtain seo caite.
**Cearúil**: Cén saghas timpiste?
**Fionnuala**: Gortaíodh Fungie nuair a bhuail bád faoi agus ghearr an lann liáin é.

**(b)** Conas a gortaíodh Fungie?

- **(a)** léim sé ró-ard
- **(b)** thug duine buille dó
- **(c)** shnámh sé róthapa
- **(d)** bhuail bád faoi

**d** **= 3 mharc**

**6 mharc**

**30 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

| |
|---|
| **Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc, **Ceist 2** = Fógraí = 30 marc, **Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc<br>**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc** |

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

1
**Comhaltas Ceoltóirí Éireann**
Ceolchoirm anocht 7.30 p.m.

2
**Aire!**
Urlár fliuch

3
**Leabharlann Áitiúil**
Ar oscailt
10.00 a.m. – 6.30 p.m.

4
**Carrchlós A** – lán
**Carrchlós B** – spásanna

5
**Droichead Dúnta**
Malairt Slí


6
**Club Dornálaíochta**
Traenáil anocht 7.00 p.m.


7
**Ag teastáil**
Bríceadóirí
Fón: 086-508234


8
**Tonn Teasa**
Ganntanas Uisce
Tá an abhainn triomaithe

9
**Rásaí Bád**
9 – 10 Iúil
Dún Laoghaire

10
**Caillte**
Geansaí scoile
Fón: 087-123567





















| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | D | 3 mharc |
| 2 | A | 3 mharc |
| 3 | E | 3 mharc |
| 4 | B | 3 mharc |
| 5 | G | 3 mharc |
| 6 | C | 3 mharc |
| 7 | I | 3 mharc |
| 8 | J | 3 mharc |
| 9 | H | 3 mharc |
| 10 | F | 3 mharc |

**30 marc**

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**). **(30 marc)**

(**a**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Spórtlann na Cathrach

**An Fhaiche Mhór, Gaillimh.**

## Fáilte roimh óg agus aosta

**Ranganna snámha**

- Páistí: Déardaoin agus Dé hAoine: 3.00 p.m. – 6.00 p.m.
- Feabhsaitheoirí: Dé Sathairn: 3.00 p.m. – 5.00 p.m.
- Snámhóirí den scoth: Dé Domhnaigh: 1.00 p.m. – 4.00 p.m.

**Ranganna aclaíochta**

- Gleacaíocht ealaíonta
- Cleachtadh cuarda
- Ranganna aeróbaice
- Traenáil meáchan

**An Halla Spóirt**

- Badmantan agus haca – Dé Luain
- Cispheil chathaoir rothaí – Dé Céadaoin
- Liathróid láimhe agus sacar – Dé hAoine

**Teagmháil**
**Fón**: 091-2540973 **Ríomhphost**: eolas@sportlannnacathrach.ie
**Brabhsáil**: www.sportlannnacathrach.ie

**(i)** Cá bhfuil an spórtlann suite?

***An Fhaiche Mhór / Gaillimh / Líne 1 + 2 / Spórtlann an fhaiche mhór.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Ainmnigh an **dá** lá a mbíonn ranganna snámha ar siúl do pháistí.

***Déardaoin agus Dé hAoine. (3 + 2)*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cén áit sa spórtlann a mbíonn sacar agus haca ar siúl?

***Halla Spóirt***. **= 5 mharc**

**15 mharc**

(**b**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Garáiste Uí Bhroin

**Baile Mhistéala, Co. Chorcaí.**

## Post lánaimseartha ar fáil

### Ag freastal ar na custaiméirí

- Na carranna a líonadh le peitreal nó díosal
- Gaothscáthanna a ghlanadh
- Aer a chur sna boinn más gá

### Tréithe pearsanta

- Cúirtéiseach
- Cairdiúil
- Macánta

### Coinníollacha oibre

- Dé Luain – Dé Sathairn: 9.00 a.m. – 5.00 p.m.
- Sos lóin: 1.00 p.m. – 2.00 p.m.
- Pá: €9.50 san uair

**Iarratais ar an bhfón *nó* sa ríomhphost**

**Fón**: 021-7598043 **Ríomhphost**: garaisteuibhroin@gmail.ie **Brabhsáil**: garaisteuibhroin.ie

**(i)** Cá bhfuil an post ar fáil?

***Garáiste Uí Bhroinn / Baile Mhistéala / Co. Chorcaí / Líne 1 + 2.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cén saghas duine atá á lorg don phost?

***Cúirtéiseach / Cairdiúil / Macánta.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cathain a bheidh sos lóin ann gach lá?

***1.00 p.m. – 2.00 p.m.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Club Gaeilge na Scoile

## Bí páirteach ann

## Cruinniú Eolais

**Dáta**: 12 Meán Fómhair **Lá**: Dé Céadaoin **Ionad**: Seomra an Cheoil **Am**: 4.15 p.m.

### Na Buntáistí

- Feabhas ar do chuid Gaeilge
- Gníomhaíochtaí éagsúla gach lá
- Cairde nua

### Gníomhaíochtaí

- Ciorcal comhrá gach maidin
- Cluichí ag am lóin gach lá
- Drámaíocht, scéalaíocht, amhránaíocht agus díospóireacht tar éis na scoile

### Cainteoirí

- **An Máistir Mac Gearailt (múinteoir)**: ag caint faoi stair an chlub
- **Síle Ní Ghallchóir (dalta)**: ag caint faoi imeachtaí éagsúla an chlub
- **Dáithí Ó Sé (láithreoir teilifíse)**: ag caint faoi bhuntáistí breise na Gaeilge
- **Ciarán Mac Giolla Chainnigh (peileadóir)**: ag caint faoin nGaeilge i gcúrsaí spóirt

## Fáilte Roimh Chách

**(i)** Cá háit sa scoil a mbeidh an cruinniú eolais ar siúl?

***Seomra an Cheoil / Ionad: Seomra an Cheoil.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh gníomhaíocht **amháin** a bhíonn ar siúl tar éis na scoile.

***Drámaíocht / Scéalaíocht / amhránaíocht / díospóireacht.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cad faoi a mbeidh Síle Ní Ghallchóir ag caint?

***Imeachtaí éagsúla an chlub / ag caint …. chlub / Síle Ní …. chlub.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

60

**30 + 30**

**(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## An tAthair Peter McVerry SJ

**1.** Tá clú agus cáil ar an Athair Peter McVerry i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. Bhunaigh sé an *Peter McVerry Trust* sa bhliain 1977. Cabhraíonn an *Peter McVerry Trust* le daoine óga nach mbíonn aon áit chónaithe acu agus a bhíonn ina gcodladh ar na sráideanna. Le beagnach daichead bliain anuas tá an tAthair Peter McVerry ag cur lóistín ar fáil do dhaoine óga gan dídean agus ag troid ar son a gceart.

**2.** D'fhás Peter McVerry suas san Iúr, Co. an Dúin. Banaltra ba ea a mháthair agus bhí a athair ina dhochtúir. Dúirt sé féin gur óna mháthair a d'fhoghlaim sé faoina chreideamh agus gur óna athair a d'fhoghlaim sé faoina dhualgas do dhaoine eile. D'fhreastail sé ar an mbunscoil áitiúil. Ansin chuaigh sé ar Scoil Ghramadaí Mhainistir na mBráithre Críostaí san Iúr agus ina dhiaidh sin go Scoil na nÍosánach, Coláiste Choill Chluana Gabhann, i gCo. Chill Dara.

**3.** Chaith Peter McVerry seal ag múineadh meánscoile. Ba mhaith leis i gcónaí a bheith ina shagart. Chuaigh sé isteach in Ord na nÍosánach agus oirníodh ina shagart sa bhliain 1975 é. Bhí sé ag obair sna ceantair bhochta i lár Bhaile Átha Cliath sna seachtóidí. Is ansin a chonaic sé den chéad uair, daoine óga ag codladh amuigh ar na sráideanna istoíche toisc nach raibh aon áit chónaithe acu. Ghoill saol na ndaoine seo air. Thosaigh sé ag cabhrú leo.

**4.** D'oscail an tAthair Peter McVerry brú i lár Bhaile Átha Cliath do dhaoine óga gan dídean. Thug sé faoi deara nuair a d'fhágadh na daoine óga an brú go dtéadh an chuid ba mhó acu ar ais ar na sráideanna arís. Ní raibh aon rogha eile acu. Thuig an tAthair McVerry ansin go gcaithfí dul i ngleic leis na fadhbanna is cúis le daoine óga a bheith ag codladh ar na sráideanna, an dífhostaíocht agus mí-úsáid drugaí.

**5.** Nuair a thosaigh an tAthair McVerry ag cabhrú le daoine óga gan dídean i mBaile Munna i 1980 ní raibh aige ach árasán amháin. Trí sheomra codlata a bhí san árasán sin. Anois tá os cionn céad árasán agus aon bhrú dhéag ag an *Peter McVerry Trust* chomh maith le hionad cóireála drugaí. Cabhraíonn an *Peter McVerry Trust* le beagnach 3,600 duine óg gach bliain. Tá ardmholadh tuillte ag an Athair Peter McVerry, as an tacaíocht agus as an gcabhair a thugann sé do dhaoine óga gan dídean.

**(i)** Cé mhéad bliain atá caite ag Peter McVerry ag cabhrú le daoine óga? (**Alt 1**)

***Le (Beagnach) daichead (40) bliain / Le …. anuas.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Cad a mhúin a athair dó? (**Alt 2**)

***(Faoina) dhualgas do dhaoine (eile) / gur …. eile.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cá raibh Peter McVerry ag obair sna seachtóidí? (**Alt 3**)

***Sna ceantair bhochta i lár Bhaile Átha Cliath / Bhí …. (sna seachtóidí)*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cad iad na fadhbanna is cúis le daoine óga a bheith ag codladh ar na sráideanna? (**Alt 4**)

***An dífhostaíocht agus (mí-úsáid) drugaí / Thuig …. drugaí.*** **= 6 mharc**

**(v)** Cé mhéad duine óg a gcabhraíonn an *Peter McVerry Trust* leo anois? **(Alt 5)**

***Beagnach 3,600 duine óg / Cabhraíonn … gach bliain.*** **= 6 mharc**

**<u>30 marc</u>**

(b) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Imelda May – Amhránaí Iontach

**1.** Is amhránaí iontach í Imelda May. Tá sí ar dhuine de na hamhránaithe is fearr a tháinig as an tír seo le tamall fada. Tá duaiseanna agus gradaim bainte amach aici. Tá cáil agus ardmheas uirthi ar fud an domhain. Tá lucht leanúna mór dílis aici, idir óg agus aosta, sa bhaile agus thar lear.

**2.** Rugadh Imelda May sna *Liberties* i mBaile Átha Cliath ar an 10 Iúil, 1974. Is í Imelda an duine is óige ina teaghlach. Tá beirt deirfiúracha aici, Edel agus Maria, agus beirt deartháireacha, Brendan agus Fintan. Nuair a bhí sí an-óg bhíodh sí ag éisteacht le rac-cheol go minic. Thaitin *Rockabilly* agus *Blues* go mór léi freisin.

**3.** Nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois, chan Imelda May i bhfógra teilifíse do *Findus Fish Fingers*. Thosaigh sí ag canadh sna clubanna i mBaile Átha Cliath nuair a bhí sí sé bliana déag d'aois. Chan sí le bannaí difriúla agus fuair sí comhairle mhaith ó na ceoltóirí ab fhearr ag an am. Chuaigh sí go Londain i 1998 agus thosaigh sí ag canadh le Blue Harlem agus le Mike Sanchez.

**4.** Sa bhliain 2003, thosaigh Imelda May a banna ceoil féin agus rinne sí a céad albam, *No Turning Back*. D'eisigh sí a dara halbam, *Love Tatto*, in 2008 agus shroich sé uimhir a haon sna cairteacha in Éirinn. Thug Jools Holland poiblíocht mhór d'Imelda ar an gclár *Later... with Jools Holland* ar an BBC. Tá sí ag dul ó neart go neart ó shin. Tá albaim eile déanta aici freisin, *Mayhem* (2010), *Tribal* (2014) agus *Life, Love, Flesh, Blood* (2017). Bíonn sí ag canadh ag ceolchoirmeacha ar fud an domhain agus bíonn sí ar an teilifís go minic. Agus ar ndóigh, bhí a clár teilifíse féin aici ar RTÉ – *The Imelda May Show*.

**5.** Tá aitheantas tugtha d'Imelda May ar fud an domhain ach is í a háit dúchais an áit is gaire dá croí. Filleann sí abhaile lena hiníon, Violet, chomh minic agus is féidir léi. Tá Imelda May an-bhródúil as na *Liberties* agus tá pobal na *Liberties* an-bhródúil as Imelda May.

**(i)** Cén tslí bheatha atá ag Imelda May? (**Alt 1**)

***Amhránaí / Is …. May.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Cé mhéad deartháir atá ag Imelda May? (**Alt 2**)

***Beirt / 2 / Brendan agus Fintan / Beirt deartháireacha.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cé leis a raibh Imelda May ag canadh i Londain i 1998? (**Alt 3**)

***Blue Harlem agus le Mike Sanchez / Chuaigh …. Sanchez / thosaigh …. Sanchez / agus …. Sanchez.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cé a thug poiblíocht mhór d'Imelda May ar an BBC? (**Alt 4**)

***Jools Holland / Thug …. BBC / Thug …. d'Imelda / Jools …. BBC.*** **= 6 mharc**

**(v)** Conas a thaispeánann Imelda May a meas ar na *Liberties*? (**Alt 5**)

***Filleann sí abhaile lena hiníon, (Violet,) chomh minic agus is féidir léi.*** **= 6 mharc**

**30 marc**

| Roinn III | Scríobh na Teanga | Gach gach ceist le freagairt | 80 marc |
|---|---|---|---|

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc

20

**C. 4** **Cárta Poist** **20 marc**

Tá tú ar saoire rothaíochta le do chairde scoile. Scríobh **cárta poist** abhaile chuig do thuismitheoirí.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

- **P1: an áit ina bhfuil tú anois**
- **P2: an méid a rothaíonn sibh gach lá**
- **P3: an aimsir**
- **P4: rud amháin faoin rothaíocht nach maith leat**
- **P5: an lá a fhillfidh tú abhaile.**

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**

- **Cúig cinn de na pointí eolais luaite = 5 mharc**
- **Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc**
- **Trí cinn de na pointí eolais luaite = 3 mharc**
- **Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc**
- **Ceann amháin de na pointí eolais luaite = 1 mharc**

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

- ✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc.
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- ✓ **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir in **ag rothaíocht ar chor ar bith, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.
- ✓ **Cuir líne faoi na mór bhotúin.**
- ✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’.

**Eolas:** 5 mharc
**Gaeilge:** 15 mharc

# **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Máire *nó* Brian sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **pictiúir 1 - 4**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh | Glacadh leis an gcuireadh | Imeachtaí | An turas abhaile ón trá |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- an fáth a raibh tú ar an bhfón (Pictiúr 1)
- cad a tharla ansin (Pictiúr 2)
- cuntas ar an lá. (Pictiúr 3 agus pictiúr 4)

**Lá cois trá.**

- **Eolas = Comhlíonadh na pointí atá luaite = marc as 4 mharc.**
- **Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
- **N.B. Muna ndéantar tagairt do 'trá' bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.**

- **Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
- **Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc**
- **Trí cinn de na pointí eolais luaite = 3 mharc**
- **Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc**
- **Ceann amháin de na pointí luaite = 1 mharc**

✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**

✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**Eolas:** 4/4
**Gaeilge:** 16/16


# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**Litir**

Scríobh litir chuig cara leat ag insint dó/di cad a tharla nuair a bhí tú ag tabhairt aire do do dheartháir óg, Liam, atá trí bliana d'aois.




Luaigh na pointí seo sa litir:

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br>**P.1** cad a bhí sibh á dhéanamh ag an mbord<br>**P.2** cad a tharla nuair a thit tú i do chodladh<br>**P.3** cár chuardaigh tú Liam i dtosach<br>**P.4** cá raibh Liam agus cad a bhí á dhéanamh aige nuair a tháinig tú air. | •<br>• **Foirmlí: = 4 mharc**<br>• **seoladh = 1 mharc**<br>• **dátaí = 1 mharc**<br>• **beannú = 1 mharc**<br>• **síniú scoir = 1 mharc** |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br>• **Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 8 marc**<br>• **Trí cinn de na pointí eolais luaite = 6 mharc**<br>• **Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 4 mharc**<br>• **Ceann amháin de na pointí luaite = 2 mharc** | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |


**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G=28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

# Ceist 6 (a) Litir

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

(**b**)**Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Áine *nó* Oscar, duine de na daoine óga sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc.**
- ✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’.

**E= 10/10**
**G=30/30**
**[C.6 (b) = 40]**

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |